
# faoi bhun OCHT mBLIANA DÉAG



## AOISTEORAINNEACHA

**I gcás gnáthphoist, is é 16 bliana an íosteorainn aoise ghinearálta. Féadfaidh fostóirí daoine atá 14 agus 15 bliana d'aois a fhostú chun obair éadrom a dhéanamh:**

- ar bhonn páirtaimseartha le linn an téarma scoile (os cionn 15 bliana amháin)
- mar chuid de thaithí oibre nó clár oideachais faofa
- le linn laethanta saoire ón scoil, ar an gcoinníoll go mbíonn briseadh trí seachtaine ar a laghad i gceist ón obair i rith an tsamhraidh.

**Is féidir páiste ar bith faoi bhun 16 bliana a fhostú i gcúrsaí scannánaíochta, amharclannaíochta, spóirt nó fógraíochta, ach é sin a dhéanamh faoi cheadúnas.**



## LÍON UASTA UAIREANTA OIBRE SA tSEACHTAIN

**Níl cead daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois a fhostú le haghaidh níos mó ná 40 uair an chloig sa tseachtain, nó 8 n-uaire an chloig sa ló, ach amháin i gcás fíor-éigeandála.**

**Is iad seo a leanas an líon uasta uaireanta oibre sa tseachtain le haghaidh daoine 14 agus 15 bliana d'aois:**

| Aois | 14 | 15 |
|---|---|---|
| **I rith an téarma** | Neamhní | 8 n-uaire an chloig |
| **Obair i rith laethanta saoire** | 35 huaire an chloig | 35 huaire an chloig |
| **Taithí oibre** | 40 uair an chloig | 40 uair an chloig |



## OBAIR LUATH AR MAIDIN AGUS OBAIR OÍCHE

**Seo iad uaireanta an chloig atá ceadaithe:**

| Aois | Faoi bhun 16 | 16 agus 17 mbliana d'aois |
|---|---|---|
| **Luath ar maidin** | i ndiaidh 8 am | i ndiaidh 6 am |
| **Obair oíche** | | |
| scoil an mhaidin dár gcionn | suas go 8 pm | suas go 10 pm |
| gan aon scoil an mhaidin dár gcionn *e.g. laethanta saoire, deirí seachtaine* | suas go 8 pm | suas go 11 pm* *(gan tosú arís roimh 7am an mhaidin dár gcionn)* |

***Tabhair do d'aire:** faoi na rialacháin, is gá ceadú an Aire a fháil le haghaidh oibre oíche i ndiaidh 10pm. Is ann do rialacháin shonracha le haghaidh áitribh cheadúnaithe. Déan teagmháil ar na uimhir theileafóin thíos chun breis eolais a fháil.

## SOSANNA SCÍTHE

| Aois | Faoi bhun 16 | 16 agus 17 |
|---|---|---|
| Sos 30 nóiméad i ndiaidh | 4 huaire an chloig ag obair | 4 ½ huaire an chloig ag obair |
| Gach 24 uair an chloig | 14 huaire an chloig saor | 12 uair an chloig saor |
| Gach 7 lá | 2 lá saor | 2 lá saor |



### Dualgais Fostóirí

**Ní mór d'fhostóirí:**
Cóip den teastas breithe a fheiceáil agus, roimh dóibh aon duine faoi bhun 16 bliana a fhostú, cead i scríbhinn a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an duine sin.

**Clár a choimeád de na sonraí seo a leanas i gcás gach duine faoi bhun 18 mbliana atá fostaithe acu:**

- ainm agus sloinne iomlán
- dáta breithe
- am tosaithe na hoibre gach lá
- am críochnaithe na hoibre gach lá
- ráta pá nó tuarastail íoctha sa ló, sa tseachtain, sa mhí nó sa bhliain, de réir mar is cuí
- méid iomlán an phá nó an tuarastail a íoctar do gach duine.

### Gearáin

**Is féidir gearáin faoi sháruithe ar an Acht a dhéanamh faoi rún chuig:**

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Tá teacht ar fhoirm ghearáin ar líne ar an suíomh Gréasáin ar mhaithe le gearáin a tharchur chuig Seirbhísí Cigireachta nó chuig Breithneoir.

**www.workplacerelations.ie**

Tá cumhacht ag Cigirí an Choimisiúin dul isteach in áiteanna oibre, fostóirí a cheistiú agus taifid a iniúchadh.

### Eisceachtaí agus Pionóis

**Ní bhaineann forálacha iomlána an Achta le:**

- garghaolta a fhostú
- fostaíocht in iascaireacht, i loingseoireacht, nó sna Fórsaí Cosanta.

**D'fhéadfadh ciontóirí fíneáil Aicme B a thabhú, chomh maith le fíneáil Aicme E maidir le gach lá a leanann an cion ar aghaidh.**

**Tabhair do d'aire:** Is breac-chuntas gairid ar an dlí a thugtar ar an bpóstaer seo, agus ní míniú dlíthiúil é.

**Má tá breis eolais ag teastáil, déan teagmháil leis:**

WRC
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission


**An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre,**
Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach
R93 E920
0818 80 80 90
**www.workplacerelations.ie**


*Ba chóir do ghlaoiteoirí a thabhairt faoi deara gurb ionann na rátaí a ghearrtar ar úsáid uimhreacha 0818 agus glaoch ar aon líne talún eile*